

Coiriúlacht.

Sílim go bhfuil fadhb na coiriúlachta ag crá agus ag creimeadh na tíre i saol na linne seo. Gan amhras, tá an fhadhb imithe ó smacht i mBaile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Is iomaí gearán a dhéantar faoi na coirpigh féin, ach creidim go bhfuil locht ar an rialtas chomh maith. Féachfaimid ar chúiseanna na faidhbe san aiste seo, agus déanfaimid iarracht réiteach na faidhbe a fháil.

Ar an chéad dul síos, tá drugaí mídhleathacha le fáil go forleathan i mbeagnach gach cathair agus baile in Éirinn. I mo bharúl/thuairim féin, tá baint mhór idir na drugaí agus an choiriúlacht. Tá sé iontach tábhachtach dul i ngleic le fadhb na ndrugáí chun dul i ngleic le fadhb na coiriúlachta. Sa lá atá inniu ann, tá sé iontach deacair páipéar a léamh, éisteacht leis an raidió, nó féachaint ar an teilifís, gan tuairiscí a fheiceáil ar eachtraí foréigneacha sa nuacht. Déarfainn féin go bhfuil réiteach nua-aimseartha de dhíth go práinneach, nó rachaidh an scéal in olcas. Rinne Méara Juliano obair den scoth i Nua-Eabhrac cúpla bliain ó shin, agus rinne sé difir mhór. Is mór an trua nach bhfuil a leithéid in Éirinn - B'fhéidir go mbeadh réiteach na faidhbe aige!

Is cúis amháin é an córas eacnamaíochta sa tír seo. Caitear go dona le daoine bochta. Tá baint ag an alcól leis an scéal chomh maith. Is oth liom a rá go bhfuil a lán fadhbanna sóisialta le feiceáil i measc na ndaoine atá ar imeall na sochaí. Gan amhras, tá cuid de choirpigh na hÉireann dainséarach a ar fad. Is cuma leo faoi na Gardaí. Chun an fhírinne a rá, is cuma leo faoi na cúirteanna. "Filleann an feall ar an bhfeallaire" a deir an seanfhocail, ach níl eagla ar bith ar na coirpigh seo.

Mar a dúirt mé, is dóigh liom go bhfuil fadhb na coiriúlachta ag dul in olcas in Éirinn agus ar fud na cruinne. Is mithid don rialtas rud éigin a dhéanamh. Deirtear go bhfuil saol an mhada bháin ag na coirpigh sna príosúin. Níl mé cinnte an bhfuil sin fíor, ach i ndeireadh na dála tá rudaí níos measa faoi láthair ná mar a bhí siad riamh. Tá an saol ina chior thuathail. Ach cad é réiteach na faidhbe? Bhuel, ní polaiteoir mé, buíochas le Dia. Bheadh gaois Sholaimh de dhíth.